Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Márta 2025
(OR. en)

7379/25
PV CONS 16
AGRI 115
PECHE 74
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

25 Márta 2025

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 7157/25.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 7217/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis maidir leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 7218/25

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

1. **Rialachán na dTagarmharcanna** ❶C 6780/25
*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 19.3.2025
5123/25 + ADD 1 + ADD 1 COR 1 EF

D'fhormheas an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

**Fostaíocht agus Beartas Sóisialta**

2. **Rialachán maidir le staidreamh mhargadh saothair an Aontais i ndáil le fiontair** ❶C 6930/25
*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 19.3.2025
17082/24 **+ COR 1 (ro)** + ADD 1 SOC

D'fhormheas an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle (bunús dlí: Airteagal 338 (1) CFAE).

**Gnóthaí Ginearálta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán maidir le hionstraim um Fhorbairt agus Fás sna Réigiúin Teorann (BRIDGEforEU)**<br>*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 19.3.2025 | ❶C | 6785/25 + COR 1 + ADD 1 **+ ADD 1 COR 1 (sl) + ADD 1 COR 2 (bg)**<br>17102/24 + ADD 1 COH |

D'fhormheas an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh, i gcomhréir le hAirteagal 294(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle, agus an tSeicia ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 175 CFAE). Leagtar amach na ráitis maidir leis an mír sin san Iarscríbhinn.

TALMHAÍOCHT

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Teachtaireacht maidir le Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia**<br>*Díospóireacht bheartais* | F2 | 6895/25<br>6385/25 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil, na barúlacha ó na toscaireachtaí agus an freagra ón gCoimisiún.

**Aon ghnó eile**

**4.** **Talmhaíocht**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(a)** | **Comhdháil ardleibhéil 'An Comhbheartas Talmhaíochta maidir le slándáil bia' (Vársá, an 5 Márta 2025)**<br>*Faisnéis ón uachtaránacht* | F2 | 6852/25 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an gComhdháil 'An Comhbheartas Talmhaíochta maidir le slándáil bia' agus na barúlacha ó na toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**(b)** **Lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 chun ceannach ainmhithe pórúcháin a áireamh mar chaiteachas incháilithe faoi CETFT** 7242/25
*Faisnéis ón Rómáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Rómáin ar fáil. Thug sí dá haire freisin a raibh le rá ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

**Iascach**

**(c)** **Cur chun feidhme fhorálacha Airteagal 14 den Rialachán maidir le Rialú ar Iascach i gcás an chorrlaigh lamháltais a cheadaítear arna chur i bhfeidhm san iascach peiligeach beag a thugtar i dtír nach bhfuil sórtáilte** 7122/25
*Faisnéis ón Laitvia agus ón Liotuáin*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Laitvia agus an Liotuáin ar fáil, chomh maith le barúlacha na dtoscaireachtaí agus an Choimisiúin, maidir le cur chun feidhme fhorálacha Airteagal 14 den Rialachán maidir le Rialú ar Iascach i gcás an chorrlaigh lamháltais a cheadaítear arna chur i bhfeidhm san iascach peiligeach beag a thugtar i dtír nach bhfuil sórtáilte i Muir Bhailt.

**(d)** **An tacaíocht a thabharfar d'iascaigh an Aontais amach anseo** 7123/25
*Faisnéis ón Ísiltír, le tacaíocht ón mBeilg, ón gCipir, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón nGréig, ón Iodáil, ó Éirinn, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón Spáinn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil, agus le tacaíocht ón mBeilg, ón gCipir, ón Eastóin, ó Éirinn, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón nGréig, ón Iodáil, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón Spáinn, maidir leis an tacaíocht a thabharfar amach anseo don iascach san Aontas. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

**(e)** **Feachtas dobharshaothraithe an Aontais: earnáil thábhachtach de chuid an Aontais, i mbun oibre go díograiseach** 7124/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an bhfeachtas cumarsáide cuimsitheach atá ar na bacáin chun dobharshaothrú inbhuanaithe an Aontais a chur chun cinn, chomh maith leis na barúlacha a thug na toscaireachtaí.

**Talmhaíocht**

**(f) Ráig den ghalar crúb is béil san Ungáir** [2] 7274/25
*Faisnéis ón Ungáir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ungáir ar fáil maidir le ráig an ghalair crúb agus béil san Ungáir, chomh maith le tacaíocht ón tSlóvaic mar gheall ar an staid eipidéimeolaíoch chomhchosúil sa tír sin.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

---

❶ An chéad léamh

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

---

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 7218/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le hionstraim um Fhorbairt agus Fás sna Réigiúin Teorann (BRIDGEforEU)**<br>*Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Measann an Ghearmáin nach mbaineann teorainneacha muirí de réir bhrí Airteagal 2, pointe 1, den dréachtrialachán ('*Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le constaicí trasteorann i réigiúin teorann talún nó muirí i mBallstáit chomharsanacha*') ach le teorainneacha muirí na Gearmáine le Ríocht na hÍsiltíre, le Ríocht na Danmhairge agus le Poblacht na Polainne.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Tarraingíonn an Coimisiún aird ar an bhfíoras gurb ann d'impleachtaí buiséadacha agus acmhainní daonna don Choimisiún mar thoradh ar leasú na gcomhreachtóirí ar a thogra leasaithe lena mbaintear an oibleagáid chun cláir phoiblí náisiúnta maidir le comhaid trasteorann a bhunú agus lena gcoinnítear clár aonair ar leibhéal an Aontais ar bun. Tugtar tuairisc orthu sin sa Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach a cuireadh faoi bhráid na gcomhreachtóirí.'